



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

TUARASCÁIL GHUTH NA MNCANNA

IAR-BHUNSCOILE

2024.2025



@Oide_Droichead



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Forléargas ar Ghuth MNC

Le linn na bliana acadúla 2024.2025, rinne 2157 Múinteoir Nuacháilithe iarbhunscoile (MNCanna) iarratas ó scoileanna ar fud na tíre ar pháirt a ghlacadh i bpróiseas ionduchtúcháin Droichead. Chun dearchthaí agus eispéiris na MNCanna seo a ghabháil, bhailigh Rannán Ionduchtaithe Droichead sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ar ghnéithe éagsúla den phróiseas.

Mar chuid den iarracht sin, rinneadh Suirbhé Gutha MNC chun deis a thabhairt do MNCanna a ghlac páirt in Droichead le linn na bliana acadúla 2024.2025 aiseolas barántúil, macánta agus fiúntach a roinnt ar a n-eispéiris saoil le linn an phróisis ionduchtúcháin.

Roinn rannpháirtithe a chomhlánaigh an suirbhé léargas luachmhar a chuirfidh bonn eolais faoinár n-iarrachtaí leanúnacha chun tacú le MNCanna ina dturas gairmiúil agus a neartóidh iad. Gabhann an tuairisc seo na torthaí lárnacha agus na dearchthaí a roinneadh.

Achoimre ar Shonraí

Bhí líon suntasach ann



2,157 MNCanna



647 Scoileanna




82% A raibh Plean Imlíne acu



54% A chríochnaigh Droichead
thar 2 - 3 théarma

Comhthéacs na Scoile





Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers


Snáithe A

Ionduchtú Scoilbhunaithe

Éagsúlacht na nGníomhaíochtaí Ionduchtaithe

cruinnithe droichead
oiliúint ar líne seisiúin oiliúna
ceardlanna fgl turas scoile
cruinniú ábhair cruinniú ionductaithe
teagasc foirne
seach-churaclam comhrá gairmiúil comhráite caife
cruinnithe afmá cruinnithe foirne
éagsúlacht na ngníomhaíoc
comhráite seiceáil isteach
ionductú scoilbhunaithe

Breathnaithe MNC ar mhúinteoirí FTG agus múinteoirí eile



Bhreathnaigh 63% de MNCanna
ball FTG faoi dhó nó níos minice.

Bhreathnaigh 57% múinteoirí eile
faoi dhó nó níos minice.

Breathnaíodh 90% de MNCanna
idir 2-4 huaire.

Lionsa Ceachta: Príomhfhócas an Bhreathnaithe





Snáithe B

Gníomhaíochtaí Foghlaim Ghairmiúil Bhreise

Cnuaschruinnithe

Mheas 48% de na MNCanna go raibh Cnuaschruinnithe cabhrach nó an-chabhrach.

“

Ag bualadh le MNCanna eile agus ag plé gnéithe de chlár Droichead

”

Sochair:

“

Smaointe teagaisc a roinnt agus a fháil

”

Taisce

Choinnigh 83% de na MNCanna Taisce

Thaifead siad a gcuid machnaimh ar na bealaí seo a leanas


Blag

Néal Ar Líne

Dialann
Dhigiteach

Leabhar
nótaí/Diala
nn

GFGBnna (Gníomhaíochtaí Foghlaim Ghairmiúil Bhreise) mínithe






Léargais MNC

Cásanna a Láimhseáladh go Maith

Tosaíochtaí iomaíocha a chothromú

Am oiriúnach don
dá thaobh a
sceidealú chun
bualadh leis an FTG

Faoi strus ag
smaoineamh ar
bhreathnaithe



Foirm D

Bainistíocht ar Am Pearsanta

Eispéiris le linn na Chéad Bhliana den Mhúinteoireacht

Le linn a gcéad bhliana sa seomra ranga, d'aithin Múinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) roinnt réimsí ar gá aird a dhíriú orthu agus iad a fhorbairt. Bhí bainistíocht ranga ar cheann de na réimsí is suntasaí ina raibh múinteoirí go gníomhach ag forbairt a gcuid muiníne agus a straitéisí.

Fócas suntasach eile ab ea é an difreáil, mar a d'oibrigh múinteoirí chun a gcuid planála a chur in oiriúint go héifeachtach chun tacú le réimse leathan cumas agus le riachtanais na scoláirí. Bainteach go dlúth leis sin bhí an obair chun tacú le scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, ina raibh gá go minic le planáil mhachnamhach, comhoibriú le foireann tacaíochta, agus cur amach níos mó ar chuir chuige chuimsitheacha theagaisc.

Chomh maith leis na réimsí sin, leag go leor MNCanna béim ar chleachtais mheasúnaithe mar ghné thábhachtach dá bhfoghlaim ghairmiúil. Bhí planáil agus ullmhúchán iontach suntasach freisin, agus múinteoirí ag beachtú a gcuir chuige i leith ceachtanna tarraingteacha agus éifeachtacha a chruthú.

Príomhréimse machnaimh a tháinig chun cinn, folláine a chaomhnú agus cothromaíocht shláintiúil oibre agus saoil a bhaint amach; aithníonn go leor múinteoirí nua an tábhacht a bhaineann le gnáthaimh agus le córais tacaíochta a fhorbairt chun cabhrú leo a mbealach a dhéanamh trí éilimh na gairme agus a n-athléimneacht phearsanta a chothú ag an am céanna.



Mol Machnaimh

Machnamh Pearsanta

“ Cuid luachmhar agus fhiúntach de mo thuras gairmiúil. Thug sé spás dom éirí níos muiníní, machnamh a dhéanamh ar mo chleachtas, agus ceangal a dhéanamh le mo chomhghleacaithe ar bhealach fiúntach. ”

“ An-tairbheach do mhúinteoirí nuacháilithe mar is meascán é de dhúshláin agus den fhás. ”

“ Ba eispéireas iontach é agus chabhraigh sé go mór liom socrú isteach i mo scoil. ”

“ Thug sé struchtúr soiléir dom le haghaidh machnaimh agus feabhsúcháin. ”

“ Múnla iontach chun cabhrú le múinteoirí nua a thabhairt isteach sa chóras. ”

Comhairle do MNCanna eile

“ Breathnaigh ar an oiread ceachtanna agus is féidir leat, go háirithe i d'ábhair féin. ”

“ Is é mo chomhairle d'ábhair MNCanna glacadh leis an bpróiseas le hintinn oscailte. ”

“ Tóg an machnamh go dáiríre... féach an chaoi a n-iompaíonn céimeanna beaga dul chun cinn ina n-athruithe suntasacha. ”